

Scéalta nuachta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thrí scéal nuachta. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

1. An bhfuil aon chur amach agat ar John Gilligan?
2. An chuala tú faoin iardhlíodóir, Thomas Byrne? Cad atá ar eolas agat faoi?
3. Maraíodh cailín de chúig bliana déag d'aois i Nua-Eabhrac ag an deireadh seachtaine. An bhfuil a fhios agat cad a tharla di?

Ceist 2 Déan iarracht na focail a bheidh le cloisteáil sa mhír a cheangal leis na leaganacha cearta Béarla

1. achomharc	a. fraud
2. An Chúirt Uachtarach	b. consecutive
3. comhleanúnach	c. heart attack
4. cionta	d. wills
5. míbhunreachtúil	e. appeal
6. díreireach	f. forgery
7. pianbhreith	g. witnesses
8. finnéithe	h. not guilty
9. An Chúirt Chuarda Choiriúil	i. The Supreme Court
10. uachtanna	j. offences
11. calaois	k. out of control
12. brionnú	l. unconstitutional
13. neamhchiontach	m. sentence
14. ó smacht	n. The Circuit Criminal Court
15. taom croí	o. disproportionate

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13	14	15

Féach ar an mír den chéad uair agus téigh siar ar na focail thuas arís.

Ceist 3 Anois, féach ar an tuairisc arís agus déan iarracht achoimre an-ghairid a scríobh faoi gach scéal. Tabharfaidh an múinteoir sos duit tar éis gach scéil.

Scéal 1 _____
Scéal 2 _____
Scéal 3 _____

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 4 ‘an t-achomharc’

1. Cén fáth a bhfuil ‘t’ leis an bhfocal thuas?
2. An féidir leat an bosca seo a líonadh?

Focail fhirinscneacha	Focail bhaininscneacha
An (príosún) _____ An (mangaire) _____	An (calaois) _____ An (gadaíocht) _____
An (achomharc) _____ An (ainm) _____	An (aois) _____ An (oíche) _____
An (smacht) _____	An (sráid) _____

3. Bhí an uimhir iolra de na focail seo a leanas le cloisteáil sa mhír, cad iad?

cion: _____
finné: _____
uacht: _____
cúis: _____

Ceist 5 ‘...tromchúiseach...’

- A. Tá a lán focal le ‘cúiseach’ mar chuid díobh. Cuir na focail thíos in abairtí lena mbrí a léiriú:

réchúiseach
géarchúiseach

- B. Féach ar an mír arís agus breac síos na haidiachtaí ar fad a chloiseann tú a chríochnaíonn le –ach nó le -acha.

Uachtarach, comhleanúnacha, _____

Ceist 6 Pléigh na ceistanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

1. An raibh aon mhír níos deacra ná aon mhír eile? Cén fáth?
2. Ar fhoghlaim tú stór focal nua ón mír? Cad é?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na gceisteanna seo sula seinntear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Ceist 2

Is féidir na ceisteanna seo a fhreagairt tar éis féachaint amháin.

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13	14	15
e	i	b	j	l	o	m	g	n	d	a	f	h	k	c

Ceist 3

Cuir an mhír ar siúl do na foghlaimeoirí arís, ag stopadh tar éis gach míre chun seans a thabhairt dóibh an achoimre a scríobh. Cuir an mhír ar siúl cúpla uair, más gá. Abair le gach beirt an méid a scríobh siad a phlé le chéile sula bpléifidh tú féin é.

Ceist 4

1. Is focal firinscneach é a thosaíonn le guta agus tá sé sa tuiséal ainmneach.
- 2.

Focail fhirinscneacha	Focail bhaininscneacha
An príosún An mangaire	An chalaois An ghadaíocht
An t-achomharc An t-ainm	An aois An oíche
An smacht	An tsráid

3. cion: *cionta*
finné: *finnéithe*
uacht: *uachtanna*
cúis: *cúiseanna*

Ceist 5

- A. réchúiseach – easy-going, géarchúiseach – astute
- B. Uachtarach, comhleanúnacha, díréireach, tromchúiseach, calaoiseach, agus neamhchiontach.

Ceist 6

Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Eimear Ní Chonaola

Scéal 1

Chaill an mangaire drugaí, John Gilligan, an t-achomharc a rinne sé sa gCúirt¹ Uachtarach faoi théarmaí príosúin comhleanúnacha a gearradh air, mar gheall ar chionta a rinne sé agus é sa bpríosún. Mhaígh John Gilligan go raibh na pionóis a gearradh air míbhunreachtúil agus díreireach. Rialaigh an Chúirt Uachtarach inniu go ngearttar pianbhreitheanna comhleanúnacha ar dhuine chun a léiriú chomh tromchúiseach is atá sé nuair a sháraíonn príosúnach dlí nó rialúchán eile. Ainneoin an bhreithiúnais seo tá John Gilligan le scaoileadh saor as an bpríosún amárach.

Scéal 2

Mhaígh finnétithe i gCúirt Chuarda Chóiriúil Bhaile Átha Cliath inniu gur aistríodh a dtithe teaghlaigh go calaoiseach go hainm an iardhlíodóra, Thomas Byrne. Dúradh gur aistrigh Thomas Byrne maoin go dtí a ainm féin tar éis dó a bheith ag obair ar uachtanna na gcliant. Tá gadaíocht, calaois agus brionnú curtha i leith Thomas Byrne. Tá sé ag pléadáil neamhchiontach sna cúiseanna ar fad.

Scéal 3

Bhásaigh cailín cúig bliana déag d'aois as Contae Liatroma ó dhúchas, ach a bhog lena muintir go Nua-Eabhrac níos túisce i mbliana, nuair a bhuail carr í i gceantar Yonkers oíche Dé hAoine. Maraíodh Kalie Gill agus tá a deirfiúr, Lindsey, atá dhá bhliain déag d'aois, fós go dona tinn san ospidéal. Bhí na cailíní ag freastal ar imeachtaí carnabhail ag an séipéal áitiúil, nuair a d'imigh carr ó smacht agus bhuail in aghaidh daoine a bhí ina seasamh ar an tsráid. Tuairiscítear gur taom croí a bhuail tiománaí an chairr.

¹ Bíonn urú go minic tar éis *sa* i gcanúint Chonnachta. Séimhiú atá sa Chaighdeán Oifigiúil.